Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12883/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0277 (NLE)**

**POLCOM 239**
**SERVICES 59**
**FDI 51**
**COLAC 147**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 489 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 489 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 489 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.9.2025
COM(2025) 489 final

2025/0277 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú faoi Airteagal 33.1(1) den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Comhaontú'), i ndáil le cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh maidir le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

Is é is aidhm don Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile raon feidhme an chreata trádála dhéthaobhaigh atá ann faoi láthair a leathnú agus é a chur in oiriúint do dhúshláin nua pholaitiúla agus eacnamaíocha dhomhanda, do réaltacht nua na comhpháirtíochta idir an tAontas agus an tSile, agus don leibhéal uaillmhéine i gcomhaontuithe trádála agus i gcaibidlíocht a thug an tAontas agus an tSile i gcrích le déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

### 2.2. An Chomhairle um Thrádáil

Tá an Chomhairle um Thrádáil arna bunú faoi Airteagal 33.1(1) den Chomhaontú freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe agus a chur chun feidhme. Ar an gComhairle beidh ionadaithe ó na Páirtithe a bhfuil freagracht orthu as cúrsaí trádála agus infheistíochta.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag an gComhairle um Thrádáil

Ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, an [dáta], tá an Chomhairle um Thrádáil le cinneadh a ghlacadh lena leagfar síos a rialacha nós imeachta féin agus cinneadh lena leagfar síos rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a bunaíodh faoi Airteagal 33.2(1) den Chomhaontú ('na gníomhartha atá beartaithe').

Beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 33.1(5) den Chomhaontú, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: 'Bunóidh an Chomhairle um Thrádáil a rialacha nós imeachta dílse agus rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil ag a chéad chruinniú'.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, bunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Thrádáil maidir le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh.

Is é is cuspóir do na rialacha nós imeachta a chinneadh conas a chomhlíonann an dá chomhlacht a bhfeidhmeanna agus a dhéanann siad cinntí.

Tá na rialacha nós imeachta ríthábhachtach chun creat institiúideach an Chomhaontaithe a thabhairt i gcrích agus chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé i gceart.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[1]. Ar deireadh, áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha de chineál eagraíochtúil a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh den chomhlacht, mar shampla má ghlacann nó má mhodhnaíonn comhlacht a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta aige a chuid rialacha nós imeachta.

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle um Thrádáil a cuireadh ar bun leis an gComhaontú.

Na gníomhartha a iarrtar ar an gComhairle um Thrádáil a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 33.1(5) den Chomhaontú agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh de na comhlachtaí ábhartha.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, cinntear é go príomha le cuspóir agus le hinneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas trádála.

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, ba cheart a bheith ina bunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0277 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle an 18 Márta 2024[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

(2) Bunaítear an Chomhairle um Thrádáil de bhun Airteagal 33.1(1) den Chomhaontú.

(3) De bhun Airteagal 33.1(5) den Chomhaontú, bunóidh an Chomhairle um Thrádáil a rialacha nós imeachta féin agus rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil.

(4) Tá an Chomhairle um Thrádáil, ag an gcruinniú a bheidh aici an [dáta], le cinneadh a ghlacadh maidir lena rialacha nós imeachta.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

(6) An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ón gComhairle um Thrádáil a ghabhann leis an gCinneadh seo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhairle um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhairle um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste um

[2] IO L, 2024/2953, 20.12.2024.

Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*